Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastal agus caiteachas Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus íocaíocht deontas agus fóirdheontas áirithe agus íocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta agus feabhsúchán Inis Sionnach.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €104.353 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe I gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Le haghaidh 2020, lean an Roinn le sócmhainní faoi bhun na tairsí €10,000 a áireamh ar an gclár sócmhainní. Tá sé beartaithe, áfach, go mbeifear ag comhlíonadh chiorclán 21 de 2020 go hiomlán ó 2021 ar aghaidh.

Níl aon luachálacha luaite le talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ghearradh ar bhonn míosúil le haghaidh shaolré na sócmhainní. Is é an beartas dímheasa go ngearrtar dímheas míosa iomláine i mí na héadála/an choimisiúnaithe agus nach ngearrtar aon dímheas i mí na diúscartha.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar na feidhme párolla agus acmhainní daonna.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear léi na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus na freagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm a bhfuil buiséad bliantúil acu agus a gcoinníonn an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Is é atá mar bhonn lena cuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus is bunaithe ar an anailís sin atá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm

iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá roinnt sásraí ag an Roinn chun a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach. Cuimsítear iontu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchóireachta agus a córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilimse i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus monatóireacht ar an dul chun cinn ar dhéileáil le saincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus ar na ceanglais chreidiúnaithe arna leagan síos sa rialachán le haghaidh gníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí atá á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – ar gnólacht cuntasaíochta gairmiúil é – a dheimhníonn cuntais bhliantúla EAGF agus CETFT. In 2020, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,267 ndaonlá iniúchóireachta a bheith á ndéanamh ag na comhlachtaí sin. Thug mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh chuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha ar fad a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn leis na treoirlínte ach amháin i ndáil le 64 chonradh dar luach €3,446,701 (gan CBL a áireamh) san iomlán, a bhfuil na sonraí ina leith luaite thíos.

- Bronnadh roimhe sin trí chonradh déag dar luach €521,898 ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin.
- D’eascair trí chonradh dar luach €52,936 as moilleanna idirthréimhseacha ar aistriú chuig soláthraithe seirbhíse nua.
- Bhain seacht gconradh dar luach €29,464 le soláthairtí beaga neamhiomaíocha nár cuireadh ar áireamh roimhe sin i bpróiseas neamhiomaíoch comhlíontach a ceadaíodh roimhe sin.
- D’eascair aon chonradh is daichead dar luach €2,842,403 as moilleanna ar phróiseas iomaíoch a chur i gcrích, mar gheall ar nádúr fíortheicniúil na míreanna a bhí i gceist.

Tá an Roinn tiomanta don leibhéal soláthairtí neamhchomhlíontacha a chuirtear i gcrích a laghdú agus táthar ag leanúint le díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach modheolaíoch pleanáilte.

Thug an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Leanadh le córas bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú i rith 2020.

- Tá an Oifig Rioscaí, atá lonnaithe sa Rannóg Airgeadais, ag obair go lánaimseartha chun gníomhaíocht bainistíochta riosca a fhorbairt agus a threisiú ar fud na heagraíochta.
- Buaileann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht ag an Ard-Rúnaí Cúnta ar a bhfuil freagracht as rialachas agus ag a bhfuil ionadaíocht ar leibhéal an Chinn Rannóige ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé formhaoirseacht ar obair na hOifige Rioscaí.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Bhí an Oifig Rioscaí i mbun Córas Bainistíochta Riosca nua - *eRisk*, ar cuid é de thacar feidhmchlár *Built-to-Share* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

atá ar fáil do gach comhlacht earnála poiblí, a rolladh amach le haghaidh fhoireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i rith 2020.
- Leasaigh agus d'fhaomh an Bord Bainistíochta an beartas riosca don Roinn i mí Iúil 2020.
- Cuireadh tús le soláthar oiliúint agus tacaíocht foirne i ndáil le Beartas Bainistíochta Riosca DAFM agus leanadh le húsáid a bhaint as an gcóras *eRisk* i rith 2020.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla tuairiscithe agus monatóireachta frithchalaoise chun feidhme agus tá an Rannóg Airgeadais freagrach as clár calaoise.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Rioscaí airgeadais suntasacha***

*An Breatimeacht*

Ón 1 Eanáir 2021 i leith, tá an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, lasmuigh de Mhargadh Aonair AE agus den Aontas Custaim. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag nósanna imeachta nua i bhfeidhm maidir le gnóthaí a aistríonn earraí chuig nó tríd an Ríocht Aontaithe seachas, Tuaisceart Éireann, nó a aistríonn earraí ón Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann. Tháinig Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) AE-na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ag an am céanna. Foráiltear leis an gcomhaontú sin don trádáil atá saor ó tharaifí agus ó chuótaí le haghaidh earraí cáilitheacha de chuid AE agus na Ríochta Aontaithe, ach tá an comhaontú teoranta maidir le héascú na hearnála agraibhia, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann neamhchosaint na hearnála ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus nádúr rí-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, go bhfuil sé leochaileach go háirithe d'éifeachtaí an Bhreatimeachta.

Thabhaigh an Roinn costais shuntasacha in 2020 a bhain leis an mBreatimeacht. D'eascair siad sin ó chion na Roinne den chostas a bhaineann le bonneagar fisiciúil nua a sholáthar ag calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir, a bhaineann le líon i bhfad níos mó rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar earraí agraibhia, mar aon le hearcú gaolmhar ball foirne breise agus le bonneagar TF feabhsaithe a sholáthar. Rinneadh costais bhonneagair a chionroinnt i ranna agus oifigí ábhartha i gcomhaontú le hOifig na nOibreacha Poiblí agus íocadh iad trí mheastachán forlíontach, agus íocadh costais soláthar foirne agus TF ó chaiteachas vótáilte a fógraíodh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid den phróiseas meastachán.

Leanadh ar aghaidh le caiteachas eile a bhaineann le bearta tacaíochta Breatimeachta don earnáil agraibhia in 2020 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an earnáil baincéireachta, agus é á ghiaráil trí mhaoiniú tosaigh ón Roinn.

*Laigí i rialú ar shócmhainní seasta*

Bunaíodh aonad tiomnaithe bainistíochta sócmhainní i mí Eanáir 2017. Tá an t-aonad freagrach as cláir sócmhainní na Roinne a fhíorú. Cuimsítear san obair sin a sheiceáil an ann do shócmhainní caipitil atá á dtógáil agus iad a chatagóiriú agus a ghabháil, mar aon le mionsonrú iomlán sócmhainní. De réir mar a fhíoraíonn an t-aonad na catagóirí sócmhainní, is féidir go ndéanfar coigeartuithe ar an gclár sócmhainní de réir mar is cuí. Mar gheall ar na srianta taistil a bhí i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim Covid-19, tá an tionscadal fíoraithe sócmhainní lena chríochnú anois in 2022.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin go rialta. Tá nósanna imeachta cúltaca/athshlánaithe doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh na sonraí criticiúla ar fad, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí seachtracha stórála sláine agus saoráidí athshlánaithe ó thubaiste. Tá aonaid thiomnaithe comhordaithe slándála TFC agus cibearshlándála ag an Roinn agus déanann sí obair réamhghníomhach ar shlándáil faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag rannóg Iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Lena chois sin, tá an Roinn, ag comhlíonadh dó a róil mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bhliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoi chaighdeán idirnáisiúnta *ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándáil Faisnéise*, mar bhonn lena slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, tá an Roinn faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla lena chinntiú go bhfuil caighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 á chomhlíonadh go leanúnach.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

D’ainneoin thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, lean próisis chigireachta agus deimhniúcháin na Roinne ag feidhmiú mar a bhí roimhe sin. Bhí an phaindéim mar bhonn le roinnt athruithe sa timpeallacht oibre agus rialaithe i réimsí eile gnó laistigh den Roinn agus thosaigh daoine ag obair ó chian agus go fíorúil. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, chuir an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe i gcrích. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann cheana agus iad sin a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh laigí ar bith i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

29 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Bonn faoin tuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus chomhlíon mé na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa.Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha nár comhlíonadh na rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú in 2020.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 277,701 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,963 | | | |
| | | | 292,664 | 278,683 | 261,782 |
| B | Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Bunaidh* | 924,302 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 19,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (16,844) | | | |
| | | | 927,258 | 871,290 | 874,064 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Bunaidh* | 379,072 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,674 | | | |
| | | | 400,746 | 392,808 | 356,672 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Bunaidh* | 159,039 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,993) | | | |
| | | | 156,046 | 132,213 | 142,603 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,740,114 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 19,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,800 | | | |
| | | | **1,776,714** | **1,674,994** | **1,635,121** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **354,255** | **388,488** | **388,443** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,385,859 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 19,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,800 | | | |
| | | | **1,422,459** | **1,286,506** | **1,246,678** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime soláthartha sa bhreis ar an nglansuim fheidhmithe faoi dhliteanas géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó aon chuid díobh, a thabhairt anonn le caitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €31.6 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta anonn go 2021 (Nóta 6.7).

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 135,953,184 | 98,428,934 |
| Géilleadh iarchurtha | (31,600,000) | (19,800,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **104,353,184** | **78,628,934** |

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

29 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 1,389,124 | 1,361,106 |
| Pá | | 192,835 | 180,355 |
| Neamhphá | | 93,035 | 93,660 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,674,994** | **1,635,121** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **388,488** | **388,443** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,286,506** | **1,246,678** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (6,065) | | |
| Brabús ar dhiúscairt | (65) | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 66 | | |
| Dímheas | 4,659 | (1,405) | (253) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 8,504 | | |
| Laghdú ar stoc | 33 | 8,537 | (39,441) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,293,638** | **1,206,984** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 77,664 | 77,168 |
| Measchíosanna | | 8,027 | 7,898 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,379,329** | **1,292,050** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 13 | 2 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | 73,040 | 72,722 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,472 | 3,826 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 369 | 344 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 495 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 275 | 274 |
| | | **77,664** | **77,168** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 14,051 | 12,647 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.2 | 82,501 | 45,747 |
| Stoic | 2.3 | 2,287 | 2,320 |
| *Ioncam fabhraithe:* | | | |
| Maoiniú CETFT dlite ó AE | | 152,437 | 165,262 |
| Suimeanna eile dlite ó AE | | 5,562 | 6,924 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 1,367 | 2,640 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 11,227 | 7,416 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 44,332 | 33,615 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,157 | 7,765 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **300,870** | **271,689** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 13,494 | 5,926 |
| Ioncam iarchurtha | | 4 | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 26,593 | 22,431 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 57,065 | 31,081 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **97,156** | **59,438** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 203,714 | 212,251 |
| **Glansócmhainní** | | **217,765** | **224,898** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **217,765** | **224,898** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Mótar-fheithiclí agus innealra eile | Trealamh agus feistis | Trealamh oifige agus trealamh eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 143,686 | 7,045 | 14,717 | 91,754 | 257,202 |
| Breiseanna | 3,114 | 986 | 84 | 1,881 | 6,065 |
| Diúscairtí | (1,102) | (159) | — | (1,041) | (2,302) |
| Aistrithe chuig an gCiste Lárionad Cuanta Iascaigh | (2) | — | — | — | (2) |
| Gluaiseacht laistigh de chatagóirí | — | 19 | (6) | (13) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 145,696 | 7,891 | 14,795 | 92,581 | 260,963 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 137,159 | 5,845 | 14,171 | 87,380 | 244,555 |
| Dímheas don bhliain | 2,395 | 457 | 91 | 1,716 | 4,659 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,101) | (159) | — | (1,041) | (2,301) |
| Aistrithe chuig an gCiste Lárionad Cuanta Iascaigh | (1) | — | — | — | (1) |
| Dímheas ar ghluaiseacht laistigh de chatagóirí | — | 16 | (6) | (10) | — |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 138,452 | 6,159 | 14,256 | 88,045 | 246,912 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **7,244** | **1,732** | **539** | **4,536** | **14,051** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 6,527 | 1,200 | 546 | 4,374 | 12,647 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 81,123 | 45,345 |
| Iarmhéideanna chuntas bainc tráchtála | 1,378 | 402 |
| | **82,501** | **45,747** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí tréidliachta | 1,415 | 1,158 |
| Soláthairtí agus ceimiceáin saotharlainne | 516 | 479 |
| Beostoc | 202 | 244 |
| Stoc talmhaíochta | 111 | 111 |
| Stoic ola | 16 | 29 |
| Trealamh sábháilteachta | 22 | — |
| Soláthairtí glantacháin | 5 | 9 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | — | 279 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | — | 11 |
| | **2,287** | **2,320** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (Nóta 6.5) | 25,000 | 22,300 |
| An Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí | 11,000 | — |
| Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin | 2,711 | 6,456 |
| Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise | 2,937 | 3,000 |
| Síntiúis | 2,194 | 1,341 |
| Eile | 490 | 518 |
| | **44,332** | **33,615** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain tuarastal | 551 | 46 |
| Óinchistí agus costais taistil in-fhorchúitithe | 104 | 203 |
| Réamhíocaíochtaí le ONP | 381 | 6,354 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 121 | 1,162 |
| | **1,157** | **7,765** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,880 | 2,602 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,781 | 1,564 |
| Cáin shiarchoinneálach | 1,493 | 1,291 |
| Cáin bhreisluacha | 804 | 1,428 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | 15 | 1 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 721 | 1,105 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 30 | 23 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 572 | 529 |
| | 8,296 | 8,543 |
| Urrúis | 2,506 | 2,527 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 180 | 270 |
| Airleacan AE | 13,007 | 8,845 |
| Ilghnéitheach | 2,604 | 2,246 |
| | **26,593** | **22,431** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 104,353 | 78,629 |
| Géilleadh iarchurtha | 31,600 | 19,800 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (78,888) | (67,348) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **57,065** | **31,081** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 82,501 | 45,747 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,157 | 7,765 |
| | 83,658 | 53,512 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (8,296) | (8,543) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (18,297) | (13,888) |
| | (26,593) | (22,431) |
| | **57,065** | **31,081** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 224,898 | 185,218 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,422,459 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (31,600) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (104,353) | | |
| Glanvóta | | | 1,286,506 | 1,246,678 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 77,664 | 77,168 |
| Míreanna neamhairgid thirim - sócmhainní aistrithe | 2.1 | | (1) | (14) |
| Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos | 1 | | 8,027 | 7,898 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,379,329) | (1,292,050) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **217,765** | **224,898** |

## 2.9 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 78,672 | 39,457 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 395,731 | 558,905 |
| Cláir dheontas caipitil | 617,319 | 609,011 |
| Mórthionscadal caipitil | 600 | 561 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **1,092,322** | **1,207,934** |

**Ceangaltais deontas neamhchaipitil**

| | Dlite 2021 | Blianta ina dhiaidh sin | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | 202,174 | 40,016 | 242,190 | 303,768 |
| Taighde bia | 18,500 | 43,958 | 62,458 | 71,737 |
| Scéimeanna áitiúla – reatha | 17,028 | 17,643 | 34,671 | 43,512 |
| Leas caorach | 17,000 | 2,500 | 19,500 | 27,979 |
| Deontais don earnáil orgánach | 12,738 | 3,209 | 15,947 | 15,500 |
| Clár géanómaíochta sonraí mairteola | 10,464 | 4,720 | 15,184 | 57,132 |
| Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha | 2,429 | 507 | 2,936 | 5,554 |
| An chomhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | 484 | 393 | 877 | 1,398 |
| Íocaíochtaí blianachta talún | 149 | 1,351 | 1,500 | — |
| Bainne agus torthaí scoile | 111 | 222 | 333 | 444 |
| Aistriú eolais | 110 | 25 | 135 | 6,000 |
| An Clár Domhanda Bia | — | — | — | 25,700 |
| An scéim um roghanna comhshaol talmhaíochta | — | — | — | 109 |
| An Scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | — | — | — | 72 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **281,187** | **114,544** | **395,731** | **558,905** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 609,011 | 697,528 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (171,655) | (192,966) |
| Ceangaltais nua | 214,386 | 172,640 |
| Dídhílsithe deontas | (34,423) | (68,191) |
| **Iarmhéid deiridh** | **617,319** | **609,011** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | Dlite 2021 | Blianta ina dhiaidh sin | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Foraoisiú | 76,642 | 429,226 | 505,868 | 505,686 |
| Scéimeanna nuachóirithe talmhaíochta spriocdhírithe | 64,662 | — | 64,662 | 74,394 |
| Clár caipitil Lárionad Cuanta Iascaigh | 17,399 | 1,331 | 18,730 | 16,944 |
| SBCI - Scéim Iasachta Breatimeachta | 14,000 | — | 14,000 | — |
| Tionscnamh bia LEADER | 5,500 | 2,430 | 7,930 | — |
| Scéim ghairneoireachta | 2,651 | — | 2,651 | 1,385 |
| Mol Nuálaíochta Bia | 1,150 | — | 1,150 | 7,150 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 901 | — | 901 | 2,078 |
| Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 643 | 714 | 1,357 | 1,357 |
| Scéimeanna áitiúla - caipiteal | 70 | — | 70 | 17 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **183,618** | **433,701** | **617,319** | **609,011** |

**Ceangaltais mórthionscadal caipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 24,760 | 577 | 600 | 25,937 | 25,321 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le haon cheangaltas suntasach ina raibh an caiteachas iomlán iarbhír breis is €500,000 níos mó nó níos lú ná mar a bhí siad in 2019.

**Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €616,000*

D'eascair an méadú caiteachais as costais tionscadail iarmharacha (íocaíocht choinneála), cothabháil láithreáin agus ceangaltais mhonatóireachta comhshaoil iarthógála a bhaineann le hiarthionscadal Oirthear Thiobraid Árann

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí shealadach faoi Chlár Oibríochtúil Chiste Iascaigh agus Ghnóthaí Muirí (EMFF) na hÉireann mar thoradh ar mhoill a bheith ar chur chun feidhme chóras pointí AE faoi Rialacháin AE.

   Ó shin i leith, bhunaigh an tAire rialacháin a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais ábhartha a bhaineann le sealbhóirí ceadúnas bád iascaireachta mara. D'fhonn comhlíonadh cheanglais AE a chur i gcrích, tá an tAire ag iarraidh, ar bhonn práinne, dlús a chur le cinn billí chun deis a thabhairt reachtaíocht chuí a bhunú le haghaidh máistrí árthaí iascaireachta.

   Cé go ndéanann Éire gach iarracht na hoibleagáidí faoi Rialachán AE maidir le Rialú ar Iascacha chomhlíonadh, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála d'Éirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmiúcháin ar fionraí in 2018 agus bhí €24.437 milliún in íocaíochtaí ar fionraí á siarchoinneáil ag deireadh 2020.

   Foráiltear le Rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair atá ceanglais chóras na bpointí á gcomhlíonadh go hiomlán ag Éirinn.

2. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha a bhaineann le nithe sainaitheanta i ndiaidh Fiosrúchán Riaracháin de bhua Airteagal 102(2) de Rialachán Rialaithe 1224/2009 ó AE maidir le hábhair a bhaineann le rialú iascaigh mhara. Fuair an tAire fionnachtana ó Choimisiún AE agus tá an Roinn agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as rialú oibríochtúil, i mbun rannpháirtíocht iomlán leis an gCoimisiún maidir leis na hábhair a sainaithníodh. Baineann éiginnteacht fós le nádúr agus uainiú aon dliteanas féideartha.

3. Chomh maith leis sin, tá an Roinn ar an eolas faoi aon dícheaduithe féideartha maidir leis na próisis iniúchóireachta seo a leanas atá ar siúl faoi láthair. Baineann éiginnteacht fós le nádúr agus uainiú aon dliteanas féideartha.

   Iniúchadh neamh-IACS 2019 ó CETFT - Reáchtáladh an t-iniúchadh i mí na Samhna 2019 agus reáchtáladh cruinniú déthaobhach i mí na Samhna 2020 chun na fionnachtana a phlé. I láthair na huaire, tá an Roinn ag fanacht le freagra ar fhaisnéis a tugadh do DG AGRI i mí Feabhra 2021.

   Iniúchadh Fhorbairt Limistéir 2020 - Reáchtáladh an t-iniúchadh i mí Iúil 2020 agus tá sé beartaithe cruinniú déthaobhach a reáchtáil i mí an Mheithimh 2021 chun na fionnachtana a phlé.

   Iniúchadh BEAM 2020 - Reáchtáladh an t-iniúchadh seo i mí na Samhna 2020 agus fuarthas litir maidir leis na fionnachtana i mí Feabhra 2021. Tá sé beartaithe cruinniú déthaobhach chun na fionnachtana a phlé a reáchtáil i mí Mheán Fómhair 2021.

**Eile**

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Baineann éiginnteacht le suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin leagtha amach thíos cionroinnte ar chláir, chun léargas a thabhairt ar chostálacha iomlána cláir.

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 197,373 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | 193,373 | 192,835 | 180,355 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 8,300 | 5,706 | 9,002 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 6,606 | 5,101 | 5,305 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 5,102 | 4,376 | 4,547 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 46,101 | 42,299 | 37,106 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,687 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,300 | | | |
| | | | 33,987 | 26,818 | 30,715 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 423 | 85 | 92 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint | | 900 | 837 | 760 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | 7,626 | 7,813 | 6,133 |
| | | | **302,418** | **285,870** | **274,015** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá léargas le fáil thíos ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €8.3 milliún; toradh €5.706 milliún*

D'eascair an t-easnamh €2.594 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as taisteal laghdaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ara on dul le srianta an rialtais, níor cuireadh sonraí ach maidir le taisteal riachtanach ar fáil don Roinn, rud ba chúis le laghdú foriomlán ar chostais taistil agus chothaithe don bhliain.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €6.606 milliún; toradh €5.101 milliún*

Tríd is tríd, d'eascair an t-easnamh €1.505 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as coigilteas ar chostas taistil foirne mar thoradh ar shrianta taistil a forchuireadh faoi phaindéim Covid-19, agus an méadú ar oiliúint ar líne. Chomh maith leis sin, d'eascair coigilteas as táille seirbhíse *PeoplePoint* de bhrí go raibh an líon foirne níos

ísle sa bhliain mar go raibh Covid-19 mar chúis le sos sealadach ar earcaíocht.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €16.687 milliún; toradh €26.818 milliún*

Bhí an méadú €10.131 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann toisc gur thabhaigh an Roinn costais leanúnacha a bhain le bonneagar fisiciúil a sholáthar ag calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir agus aerfort Bhaile Átha Cliath chun breis rialuithe easpórtála/iompórtála ar earraí agraibhia a éascú. Mar gheall ar mhoilleanna a bhain le srianta Covid-19, níorbh fhéidir an buiséad forlíontach iomlán a úsáid in 2020.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin: €423,000; toradh €85,000*

D'eascair an t-easnamh €338,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as meascán de chomhairleoireachtaí beartaithe nach raibh ag teastáil níos mó agus athbhreithnithe beartaithe gan a bheith á ndéanamh in 2020.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 115,346 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,337) | | | |
| | | | | 113,009 | 112,694 | 102,764 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 56,440 | | | |
| | | *Forlíontach* | 17,300 | | | |
| | | | | 73,740 | 61,956 | 65,979 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | 105,915 | 104,033 | 93,039 |
| | | | | **292,664** | **278,683** | **261,782** |

## Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 56,442 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,144) | | | |
| | | | | 55,298 | 55,144 | 53,389 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | 23,797 | 21,097 | 19,094 |
| B.3 | Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta | | | 244,590 | 228,164 | 236,500 |
| B.4 | Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha | | | 250,000 | 247,324 | 248,552 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 84,762 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 19,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,500) | | | |
| | | | | 98,062 | 81,193 | 83,650 |
| B.6 | Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola | | | 135,350 | 130,126 | 87,108 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | 5,000 | 2,476 | 22,167 |
| B.8 | Scéim um leas ainmhithe le haghaidh caorach | | | 18,000 | 16,755 | 17,382 |
| B.9 | Scéim luathscoir | | | 220 | (30) | 187 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 92,929 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,000) | | | |
| | | | | 84,929 | 79,218 | 89,732 |
| B.11 | Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,618 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,200) | | | |
| | | | | 11,418 | 9,752 | 14,213 |
| B.12 | Scéimeanna Eile | | | 594 | 71 | 2,090 |
| | | | | **927,258** | **871,290** | **874,064** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár B €72.812 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €3.998 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €68.814 milliún.

**B.3 Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta**

*Soláthar meastacháin: €244.59 milliún; toradh €228.164 milliún*

Bhain an t-easnamh €16.426 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Bhí coigilteas ab fhiú €3.879 milliún ann sna scéimeanna áitiúla um chomhshaol talmhaíochta mar, de bharr phaindéim Covid-19, gur cuireadh moill ar scéimeanna chromán na gcearc agus na ndiúilicíní péarla, agus ní bhfuarthas roinnt aighneachtaí go dtí 2021. B'éigean do ghrúpaí glao oscailte na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí déileáil

le moilleanna mar thoradh ar an bpaindéim freisin. Bhí coigilteas dar luach €3.555 milliún ann i scéim na feirmeoireachta orgánaí de bhrí go raibh moill ar roinnt rannpháirtithe na critéir íocaíochta a chomhlíonadh faoi dheireadh na bliana ach go n-éireoidh leo é sin a dhéanamh in 2021. Chomh maith leis sin, bhí coigilteas dar luach €7 milliún ann mar nár chuir scéim athfhliuchta portaigh Choillte an chéim phleanála agus soláthair curtha i gcrích in 2020, rud a d’fhág nach raibh an caiteachas pleanáilte i gceist.

**B.5 Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt**

*Soláthar meastacháin: €104.562 milliún; toradh €81.193 milliún*

Bhain an t-easnamh €23.369 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Tháinig coigilteas €15.648 milliún i scéim TAMS II chun cinn mar thoradh ar líon mór ceaduithe a d’imigh in éag in 2020. Mar gheall ar thionchar Covid-19 ar an earnáil ghairneoireachta, d’eascair coigilteas dar luach €1.138 milliún as líon suntasach tionscadal a bhain le 2020 nár leanadh leo agus a iarchuireadh go dtí 2021. Tugadh coigilteas dar luach €1.159 milliún san earnáil orgánach faoi deara de bhrí nár reáchtáladh roinnt imeachtaí mar gheall ar an bpaindéim agus gur reáchtáladh cinn eile go fíorúil, rud ba chúis leis an mbuiséad riachtanach a laghdú. Comhaontaíodh ar shíntí, áfach, chun cur i gcrích na gconarthaí a cheadú. Anuas air sin, rinneadh coigilteas dar luach €425,000 i dtreoirscéim próiseála dramhaíola mar thoradh ar rómheastachán costas deiridh.

**B.7 Aistriú eolais**

*Soláthar meastacháin: €5 mhilliún; toradh €2.476 milliún*

Bhain an t-easnamh €2.524 milliún sa chcaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán den chuid is mó le neamhchomhlíonta cheanglais na scéime a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. De bhrí go bhfuil na ceanglais sin ceangailte le híocaíochtaí rannpháirtí agus éascaitheora, bhí laghdú suntasach ar an toradh iarbhír ann dá bharr. Lena chois sin, chuir an leanúint le haistarraingtí rannpháirtithe ón scéim le híocaíochtaí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo ó thús.

**B.8 Scéim um leas ainmhithe le haghaidh caorach**

*Soláthar meastacháin: €18 milliún; toradh €16.755 milliún*

Bhain an t-easnamh €1.245 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le líon níos lú iarrthóirí a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí ná mar a bhíothas ag súil leis.

**B.9 Scéim luathscoir**

*Soláthar meastacháin: €220,000; toradh (€30,000)*

Bhain an t-easnamh €250,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le rómheastachán caiteachais mar aon le haisghabháil leanúnach ró-íocaíochtaí roimhe sin.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Soláthar meastacháin: €92.929 milliún; toradh €79.218 milliún*

Bhain an t-easnamh €13.711 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh a tharla mar gheall ar choigilteas sa scéim foraoisithe, atá bunaithe ar éileamh, agus ní raibh an t-éileamh chomh mór agus a bhíothas ag súil leis in 2020. Lena chois sin, roghnaigh roinnt daoine aonair ligean dá bpréimheanna carnadh chun bulc-éileamh a dhéanamh am éigin amach anseo.

Bhí líon na n-achomharc a bhain le deonú ceadúnas foraoiseachta le haghaidh plandú, agus le haghaidh tógáil bóithre foraoise, mar bhonn le riaráistí suntasacha agus bhí tionchar aige ar eisiúint íocaíochtaí freisin. Bhí athruithe bunúsacha ar na nósanna imeachta measúnaithe oiriúnacha inmheánacha, a bunaíodh mar fhreagairt do bhreitheanna ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mar bhonn, sa ghearrthéarma, le moilleanna ar cheadúnais a eisiúint.

D'fhág srianta Covid-19 nach bhféadfaí grúpaí aistrithe eolais a reáchtáil ar bhonn lánacmhainne ná a chríochnú in 2020.

**B.11 Scéimeanna rialaithe agus tacaíochta eile**

*Soláthar meastacháin: €12.618 milliún; toradh €9.752 milliún*

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €2.866 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €1.9 milliún i gcostais stórála poiblí táirgí talmhaíochta mar thoradh ar dhea-dhálaí margaidh.

D’eascair coigilteas €974,000 i gcaillteanais idirghabhála níos ísle as iniúchtaí comhréireachta ar incháilitheacht chaiteachas AE. Tá sé deacair uainiú aon táillí a thuar.

**B.12 Scéimeanna eile**

*Soláthar meastacháin: €594,000; toradh €71,000*

D’eascair an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €523,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as soláthar a dhéanamh do threoirscéim athlonnaithe fhéideartha nár leanadh léi sa bhliain.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,085 | | | |
| | | *Forlíontach* | (326) | | | |
| | | | | 15,759 | 15,715 | 15,216 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | | 6,209 | 5,258 | 4,771 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniú | | | 26,712 | 26,094 | 25,161 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,821 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,300) | | | |
| | | | | 12,521 | 3,999 | 7,550 |
| C.5 | Deontas ó Teagasc | | | 144,132 | 144,373 | 134,673 |
| C.6 | Deontas ó Bhord Bia | | | 48,229 | 46,935 | 44,844 |
| C.7 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con | | | 84,000 | 84,000 | 84,000 |
| C.8 | Ciste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe Cedra | | | 1,500 | 1,497 | 1,486 |
| C.9 | Tabhartais chúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 24,300 | | | |
| | | | | 25,000 | 25,700 | 25,300 |
| C.10 | Scéimeanna iasachta SBCI | | | 20,372 | 25,705 | — |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | 16,312 | 13,532 | 13,671 |
| | | | | **400,746** | **392,808** | **356,672** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár C €13.736 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €1.321 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain iarmhéid an róchaithimh frithháirithe dar luach €15.057 milliún leis na nithe seo a leanas go príomha.

**C.4 Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn**

*Soláthar meastacháin: €14.821 milliún; toradh €3.999 milliún*

Bhain an t-easnamh €10.822 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha.

Bhain coigilteas €5 mhilliún le maoiniú an ionaid bia tomhaltais, mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Bhí na srianta iarmhartacha mar bhonn le moilleanna tógála, a chuir moill ina dhiaidh sin ar an trealamh riachtanach a cheannach agus a choimisiúnú.

D’eascair coigilteas €1.843 milliún as an gciste infheistíochta caipiteal bia Breatimeachta de bhrí nach ndearna mórán daoine iarratas ar an scéim mar thoradh ar na héiginnteachtaí a d’eascair as an mBreatimeacht. Chuir paindéim Covid-19 leis na héiginnteachtaí sin freisin, agus tá sé deacair an spéis a bheidh ann a thuar de bhrí go bhfuil cur chuige níos cúramaí á ghlacadh ag cuideachtaí maidir le tionscadail nua. D'eascair coigilteas €500,000 ón gciste iomaíochais bia Breatimeachta de bhrí gur dheimhnigh Fiontraíocht Éireann ag deireadh 2020 nach mbeadh maoiniú ag teastáil uaithi faoin scéim seo.

D’eascair coigilteas €350,000 ó Chlár Prionsabal Barainneach d’Fheirmeoirí Muc de bhrí gur fhág srianta taistil Covid-19 nach bhféadfaí leanúint le cuairteanna feirme a bhí á dtabhairt ag Comhairleoirí Prionsabal Barainneach,rud a cheanglaítear faoin gclár.

D’eascair coigilteas €1.462 milliún as cur chun cinn scéim torthaí na scoileanna (*Food Dudes*) de bhrí go raibh scoileanna dúnta mar thoradh ar Covid-19. D’eascair coigilteas €704,000 as tionscnamh bia Leader de bhrí gur eascair éiginnteacht gheilleagrach as an mBreatimeacht agus as paindéim Covid-19 gur lú an leibhéal rannphháirtíochta sa tionscnamh.

D'eascair coigilteas €203,000 as an scéim nuachóirithe mairteola mar gheall ar phaindéim Covid-19, a d’fhág nach bhféadfaí an obair uasghrádaithe riachtanach a dhéanamh sna monarchana feola a ceadaíodh faoin scéim in 2020.

**C.9 Tabhartais chúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia**

*Soláthar meastacháin: €700,000; toradh €25.7 milliún*

D’eascair an méadú €25 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as eisíocaíocht airleacain de €25 mhilliún i ndáil le ranníocaíocht na hÉireann in 2021 faoin gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí 2019-2021 a rinneadh i mí na Nollag 2020 i ndiaidh iarraidh a fháil ón gClár Domhanda Bia. Tá an méid seo curtha ar áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

**C.10 Scéimeanna iasachta SCBI**

*Soláthar meastacháin: €20.372 milliún; toradh €25.705 milliún*

D'eascair an méadú €5.333 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán as coigilteas a bhain leis an scéim iasachta Breatimeachta a rinneadh a fhritháireamh ina dhiaidh sin in aghaidh thosú na ranníocaíochtaí ar an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

**C.11 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin: €16.312 milliún; toradh €13.532 milliún*

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas €2.78 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha le coigilteas a bhain le costais dhlíthiúla de bhrí nach raibh suim iomlán an tsoláthair stuama sin ag teastáil ón Roinn sa bhliain.

## Clár D An Earnáil Bia Mara

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (193) | | | |
| | | | | 9,307 | 9,282 | 8,986 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | | | 5,299 | 4,724 | 3,816 |
| D.3 | Iascaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 49,698 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,600) | | | |
| | | | | 48,098 | 29,828 | 41,562 |
| D.4 | Deontas ó Fhoras na Mara | | | 38,381 | 37,105 | 34,926 |
| D.5 | Deontas ó Bhord Iascaigh Mhara | | | 38,500 | 37,500 | 38,195 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,361 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,200) | | | |
| | | | | 16,161 | 13,197 | 13,005 |
| D.7 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | | 300 | 577 | 2,113 |
| | | | | **156,046** | **132,213** | **142,603** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain le Clár D €26.826 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an difríocht €793,000 i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €26.033 milliún.

**D.3 Iascaigh**

*Soláthar meastacháin: €49.698 milliún; toradh €29.828 milliún*

Bhain an t-easnamh dar luach €19.87 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €15.585 milliún sa chlár caiteachais caipitil, agus coigilteas €3.719 milliún i gcláir chomhlíonta comhshaoil agus forbartha bia mara. D'eascair an coigilteas sin as moilleanna ar thús a chur le tionscadail agus moilleanna maidir le caiteachas ar thionscadail eile, mar gheall ar shrianta Covid-19.

**D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara**

*Soláthar meastacháin: €17.361 milliún; toradh €13.197 milliún*

Bhain an t-easnamh dar luach €4.164 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas pá €2 mhilliún mar gheall ar uainiú earcaíocht líon ceadaithe foirne, agus coigilteas dar luach €329,000 in aoisliúntas mar thoradh ar líon níos lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ag dul ar scor. D'eascair coigilteas neamhphá €1.6 milliún as laghdú ar chostais taistil agus chothaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. D'eascair coigilteas €235,000 i gcaipiteal as roinnt tionscadal a bheith á n-iarchur go dtí 2021.

**D.7 Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach**

*Soláthar meastacháin: €300,000; toradh €577,000*

D'eascair an méadú €277,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le costais tionscadail iarmharacha (íocaíocht choinneála), cothabháil láithreáin agus ceangaltais mhonatóireachta comhshaoil iarthógála a bhaineann le hiarthionscadal Oirthear Thiobraid Árann.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fotheideal | Measta €000 | Réadaithe €000 | Réadaithe €000 |
| 1 | Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigigh atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha | | 650 | 1,122 | 690 |
| 2 | Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil AE, le haisíocaíocht easpórtála, etc. | | 1 | 6 | 187 |
| 3 | Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile | A.3 | 17,945 | 19,362 | 19,531 |
| 4 | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo | A.3 | 723 | 928 | 664 |
| 5 | Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta | A.3 | 6,750 | 8,116 | 8,143 |
| 6 | Fáltais ó vacsaíní, beostoc, táirgí feirme, etc. a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil | A.3 | 675 | 530 | 602 |
| 7 | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin | C.3 | 1,929 | 2,970 | 2,766 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú | A.3 | 7,000 | 7,853 | 7,637 |
| 9 | Fáltais Choimisiún na Talún | | 300 | 194 | 380 |
| 10 | Fáltais eile | | 2,701 | 2,587 | 3,129 |
| 11 | Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta rannóg FEOGA (Ráthaíocht) eile | B.11 | 975 | — | 300 |
| 12 | Caillteanais stoc idirghabhála, etc. | B.11 | — | 1,027 | 960 |
| 13 | CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | B.4, B.3, B.5 agus B.9 | 270,000 | 306,002 | 299,533 |
| 14 | An Ciste Tréidliachta | A.3 | 7,205 | 7,865 | 9,279 |
| 15 | Fáltais Ráthaíochta eile ó AE (Talmhaíocht) | B.11 | 45 | 33 | 36 |
| 16 | Fáltais fíneálacha agus forghéillte i ndáil le hiascaigh mhara | D.3 | 100 | 40 | 292 |
| 17 | Fáltais faoin Acht Imeall Trágha, 1933, agus faoin Acht Maoine Stáit, 1954 | D.3 | 100 | 76 | 188 |
| 18 | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas a iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | D.3 | — | — | — |
| 19 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | 412 | 529 | 578 |
| 20 | Fáltais AE le haghaidh CEMID | D.3 | 25,000 | 19,482 | 23,030 |
| 21 | CEI (Iascaigh) 2007-2013 | D.3 | — | — | — |
| 22 | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann | | 200 | 59 | 74 |

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fotheideal | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 23 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 11,544 | 9,707 | 10,444 |
| | **Iomlán** | | **354,255** | **388,488** | **388,443** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair cothrom le €34.233 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

**1 Aisghabháil tuarastal, etc. oifigeach ar iasacht le comhlachtaí seachtracha**

*Meastachán: €650,000; réadaithe €1.122 milliún*

D'eascair an méadú €472,000 as aisghabháil in 2020 d'airgead a bhí dlite ó bhlianta roimhe sin i ndáil le hoifigigh ar iasacht.

**3 Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile.**

*Meastachán: €17.945 milliún; réadaithe €19.362 milliún*

Bhain an méadú €1.417 milliún go príomha le méadú €1.74 milliún i leibhéil ghníomhaíochta maraithe agus gearrtha agus leis an mbéim mhéadaithe a leag an rannóg ar bhailiú táillí a bhí gan íoc agus ar íocaíocht thráthúil gach sonrasc. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí tháillí cigireachta níos ísle ag teorainneacha mar thoradh ar laghdú ar iompórtálacha.

**4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo**

*Meastachán: €723,000; réadaithe €928,000*

D'eascair an méadú €205,000 go príomha as íocaíocht cuntas thar téarma, agus as méadú ar líon na n-eallaí easpórtáilte atá níos sine ná 3 mhí d'aois, ag a bhfuil táille cigireachta níos airde ná le haghaidh eallaí atá níos óige ná 3 mhí d'aois.

**5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta**

*Meastachán: €6.75 milliún; réadaithe €8.116 milliún*

D'eascair an méadú €1.366 milliún as táirgeadh méadaithe bainne in 2020.

**6 Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc. a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil.**

*Meastachán: €675,000; réadaithe €530,000*

D'eascair an laghdú €145,000 as easnamh sna fáltais le haghaidh tástáil saotharlainne tréidliachta, mar thoradh ar laghdú ar éileamh ar thástáil ó chleachtais tréidliachta príobháideacha.

**7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin**

*Meastachán: €1.929 milliún; réadaithe €2.97 milliún*

D'eascair an laghdú €1.041 milliún go príomha as fáltais bhreise le haghaidh táillí clárúcháin, i ndiaidh fhógairt phaindéim Covid-19, a fuarthas le haghaidh Trealamh Cosanta Pearsanta agus táirgí bithicídeacha atá ar an gclár náisiúnta. Is fianaise í seo ar leibhéal clárúchán níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, bunaithe ar leas tráchtála seachtrach agus éileamh go háirithe ar dhíghalráin lámh.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú**

*Meastachán: €7 milliún; réadaithe €7.853 milliún*

Bhain an méadú €853,000 le forbairt leanúnach san earnáil déiríochta.

**9 Fáltais Choimisiún na Talún**

*Meastachán: €300,000; réadaithe €194,000*

Bhain an laghdú €106,000 le paindéim Covid-19, a raibh tionchar diúltach aici ar fháltais in 2020.

**11 Costais idirghabhála margaidh agus costais airgeadais le haghaidh beart rannán FEOGA (Ráthaíocht) eile**

*Meastachán: €975,000; réadaithe €nialas*

Bhain an laghdú €975,000 le dea-dhálaí margaidh agus, dá bharr sin, níor stóráladh aon táirge faoi stóráil phoiblí.

**12 Caillteanais stoc idirghabhála, etc.**

*Meastachán: €nialas; réadaithe €1.027 milliún*

Faightear ioncam faoin teideal seo ó fhorálacha i reachtaíocht CAP, rud lena gcumasaítear do ghníomhaireachtaí íoctha creidiúnaithe 20% de neamhrialtachtaí agus 25% d’fhiachas traschomhlíonta aisghabhadh ar chiste EAGF i mbliain airgeadais a choimeád. D’eascair an méadú €1.027 milliún ó ghlanadh chuntas EAGF 2019. Bunaithe ar a nádúr, is deacair na fáltais seo a thuar de bhrí go mbraitheann siad ar an leibhéal neamhrialtachtaí cinnte agus a n-aisghabháil ina dhiaidh sin.

**13 CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)**

*Meastachán: €270 milliún; réadaithe €306.002 milliún*

Comhfhreagraíonn fáltais faoin teideal seo do ranníocaíocht AE ar chaiteachas incháilithe CETFT a tabhaíodh i mbliain airgeadais 2020. Mar thoradh ar ráta níos airde ná mar a bhí tuartha ar íocaíochtaí airleacain a cheadaítear faoi Rialachán 1306/2013 ó AE (Airteagal 75) le haghaidh bhearta RDP ag airleacan 85% seachas ag airleacan 75% ar íocaíochtaí ANC a eisíodh i mí Mheán Fómhair, bhí aisíocaíocht mhéadaithe ann i mí na Nollag 2020. Mar thoradh ar an tionchar ag uainiú caiteachas a bhain le CETFT roimh an 16 Deireadh Fómhair 2020 a bhí níos airde ná mar a bhí tuartha ar an aisíocaíocht in 2020, in ionad na haisíocaíochta tuartha in 2021, bhí méadú €36.002 milliún ann.

**14 An Ciste Tréidliachta**

*Meastachán: €7.205 milliún; réadaithe €7.865 milliún*

Bhain an méadú €660,000 go príomha le héileamh aisíocaíochta tréidliachta CE 2019 a bheith á aisíoc ag ráta níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Fuarthas an t-airgead sin in 2020.

**19 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe**

*Meastachán: €412,000; réadaithe €529,000*

Bhain an méadú €117,000 le méadú ar líon na láithreán dobharshaothraithe ceadúnaithe le blianta beaga anuas.

**20 Fáltais AE le haghaidh CEMID**

*Meastachán: €25 mhilliún; réadaithe €19.482 milliún*

Bhain an laghdú €5.518 milliún leis an meastachán a cuireadh ar fáil le haghaidh fháltais 2020 a bheith ullmhaithe bunaithe ar réiteach ionchais na faidhbe leanúnaí rialaithe agus forfheidhmithe a bhí mar bhonn le cuid de na fáltais tuartha a bheith á gcoimeád ag an gCoimisiún. Tá dul chun cinn á dhéanamh sa réimse seo agus táthar ag súil go scaoilfear na cistí gan íoc a coimeádadh le blianta beaga anuas in 2021, cistí a bhí cothrom le breis is €24 mhilliún ag deireadh 2020.

**22 Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann**

*Meastachán: €200,000; réadaithe €59,000*

Bhain an laghdú €141,000 le haisíocaíocht 2020 (ábhartha do chostais 2019) ó dhá ghníomhaireacht gan a bheith faighte in 2020.

**23 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €11.544 milliún; réadaithe €9.707 milliún*

Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis an laghdú €1.837 milliún.

Bhí fáltais le haghaidh thobhach pinsin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara €1.15 milliún níos lú mar gheall ar phaindéim Covid-19 de bhrí gur chuir an Roinn stop sealadach le hearcaíocht le linn na chéad chéime den dianghlasáil, roimh thús a chur an athuair le hacmhainn níos láidre i ráithe 3. Ina theannta sin, measadh go mbeadh an líon iomlán ball foirne d’fhoireann Breatimeachta ag teastáil le haghaidh 2020 agus go mbeadh caiteachas breise párolla á thabhú. Mar gheall ar chur chun feidhme socruithe idirthréimhseacha Breatimeachta, reáchtáladh earcaíocht Breatimeachta níos déanaí in 2020 ná mar a bhí beartaithe ar dtús, agus cuireadh roinnt earcaíochta ar feitheamh in 2021.

Bhain an t-easnamh fágtha i bhfáltais leis na gníomhaireachtaí Stáit, go príomha mar nach raibh an líon ball foirne a rabhthas ag súil leis ann mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus go raibh roinnt meastachán ró-ard mar nár cuireadh san áireamh iontu an t-athrú ar bhannaí foriomlána ASC ná na laghduithe ar an ráta don Scéim Aonair.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Aisghabháil earráidí riaracháin | 112 | — |
| Glanadh cuntas fionraí | 6 | — |
| Farasbarr forthobhaigh 1% | — | 705 |
| Fáltais ó fhlít SFPA a dhíol | — | 419 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (118) | (1,124) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 3,565 | 3,358 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,594 | 1,609 |
| | **5,159** | **4,967** |

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne - Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Foras na Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Teagasc, a mbaineann gné phá lena ndeontas mar a ndéantar soláthar di i meastacháin na Roinne.

## 5.2 Pá

### Luach saothair fhoireann na Roinne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 174,077 | 163,536 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí | 265 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas níos airde, dualgas speisialta nó dualgas breise | 284 | 242 |
| Liúntais eile | 1,456 | 1,528 |
| Ragobair | 2,617 | 3,011 |
| Liúntais uainoibre | 925 | 659 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,156 | 11,671 |
| **Pá iomlán** | **192,780** | **180,647** |

### Luach saothair gníomhaireachta

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 82,198 | 79,470 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas níos airde, dualgas speisialta nó dualgas breise | 1,112 | 979 |
| Liúntais eile | 607 | 588 |
| Ragobair | 132 | 162 |
| Íocaíochtaí aisce | 847 | 307 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,752 | 3,551 |
| **Pá iomlán** | **88,648** | **85,057** |

Nóta Ní bhaineann na liúntais, an ragobair agus na sonraí luach saothair eile i nótaí 5.3 go 5.5 thíos ach amháin le baill foirne na Roinne atá á n-íoc go díreach ón Vóta faoi chláir A go D. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe luacha saothair chomhlachtaí Stáit comhlachaithe na Roinne ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 86 | 2 | 11,937 | 12,410 |
| Liúntais uainoibre | 230 | 22 | 19,939 | 20,741 |
| Liúntais eile | 774 | 10 | 22,088 | 20,614 |
| Ragobair | 725 | 74 | 28,563 | 28,171 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 338 | 112 | 33,620 | 39,614 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Ar an iomlán, íocadh €1,105,701 le 62 státseirbhíseach ar scor, a bhfuil pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostaíodh ar bhonn táille. Cuireadh prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm nuair a íocadh na táillí sin.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 166 | 531,512 | 746,314 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 96 | 319,081 | 392,782 |

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €55,812 le seachtar ball foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht agus rinneadh scaoilíocaíochtaí dar luach €209,468.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ó AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaí margaidh agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir cheadaithe forbartha tuaithe.

Cuimsítear i ngníomhaíochtaí na Roinne bearta a maoiníonn EAGF go hiomlán agus gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn CETFT agus a gcómhaoinítear ón Vóta iad.

Cuimsítear i gClár B caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE trí CETFT. Cuimsítear freisin i gClár C caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsítear i gCláir C agus D caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (CEMID) an AE. Cuimsítear i gClár B muirear dar luach €831,197 chuig an Vóta le haghaidh Maoiniú ó AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí imréitigh comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha dar luach €88,245.

Cuimsítear sa chuntas ús dar luach €164,260 a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €750 milliún a fuarthas ar iasacht in 2019 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2020 i dteannta úis.

Fuarthas cistí gearrthéarmacha dar luach €670 milliún san iomlán ar iasacht in 2020 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE in 2021. Tá léargas ar na hiasachtaí sin le fáil i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMID) - oibríochtaí Éireannacha.

**Ioncam agus caiteachas arna gcómhaoiniú ag AE atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/na híocaíochta bunúsaí | 1,187 | 1,204 |
| Idirghabháil/cúnamh le haghaidh stóráil phríobháideach | — | (12) |
| Tacaí eile margaidh | 6.9 | 61.8 |
| Eile | (4) | (3) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta a gcómhaoiníonn AE iad) [a]** | | |
| | **2020** | **2019** |
| | **€m** | **€m** |
| Cláir Forbartha Tuaithe CETFT | 306 | 299 |
| An Ciste Tréidliachta | 7 | 9 |
| Fáltais chómhaoinithe eile | 1 | 1 |
| **Iascaigh** | | |
| CEMID - An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe 2014-2020 [b] | 19 | 23 |
| **Pá iomlán** | **1,523** | **1,583** |

Nótaí [a] Ní léirítear sa tábla seo ach cómhaoiniú AE ar na cláir seo.

[b] Coimeádtar fáltais CEMID dar luach €13 mhilliún i gcuntas fionraí (airleacain AE) de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag an 1 Eanáir | 2,640 | 2,281 |
| Coigeartú don scéim luathscoir | — | (6) |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 13,330 | 15,506 |
| Ceartúcháin | (1,212) | (816) |
| Aisghabhálacha | (12,672) | (14,058) |
| Nithe a díscríobhadh (nóta 6.3) | (719) | (267) |
| **Ró-íocaíochtaí scéime ag an 31 Nollaig** | **1,367** | **2,640** |

## 6.3 Nithe a díscríobhadh

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéime:** | | |
| An scéim foraoisithe | 379,174 | 22,060 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 126,024 | 229,546 |
| Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéarbhunaithe | 2,936 | 13,121 |
| Préimheanna ilghnéitheacha Vóta | 1,539 | 846 |
| An scéim luathscoir | 208,354 | — |
| Cleachtóirí tréidliachta príobháideacha | 753 | 1,174 |
| | **718,780** | **266,747** |
| **Custaiméirí:** | | |
| Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil níos mó | 107,022 | 1,630,294 |
| Ceadúnais dobharshaothraithe atá imithe in éag/géillte agus nach bhfuil athnuaite | — | 7,429 |
| Fiachais a bhaineann le tuarastal | 22,960 | — |
| Cúiseanna eile | 10,100 | 6 |
| | **140,082** | **1,637,729** |

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na Roinne** | 1 | 6 | 4 | 23 | 33 | 135 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 28 | 45 | 527 | 458 | 1,030 | 1,565 |
| | | **51** | **531** | **481** | **1,063** | **1,700** |

## 6.5 Tabhartais chúnaimh bia

Shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2019-2021 i mí na Nollag 2018. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar thacaíocht mhéadaithe le haghaidh an Chláir Dhomhanda Bia sa tréimhse sin, faoi réir leithreasaí bliantúla buiséid ag Dáil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar íos-suim €20 milliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha sa bhliain, agus bheadh an t-iomlán trí bliana leithdháilte faoin gcomhaontú cothrom le €70 milliún ar a laghad.

Déantar an leithdháileadh sin chun tacú go leanúnach le cuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, eadhon

- deireadh a chur leis an ocras,trí rochtain ar bhia a sholáthar
- cothú a fheabhsú
- slándáil bhia a chinntiú
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- oibriú i gcomhpháirt ar mhaithe le torthaí SDG.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire toilteanach eisíocaíocht luath leithdháileadh 2021 a cheadú. Chomhaontaigh an Roinn le luathíocaíocht €25 mhilliún a dhéanamh i leithdháileadh 2021, agus rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag 2020, agus tá an tsuim sin curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) príomhghníomhaireacht speisialaithe na Náisiún Aontaithe atá i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain a threorú, slándáil bhia a chinntiú do chách; agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar dhóthain bia ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Úsáidtear síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le FAO chun cúnamh a sholáthar do 130 tír chun cabhrú leo córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fhorbairt. In 2020, bhí ranníocaíocht na hÉireann (DAFM) le FAO cothrom le €3.675 milliún (2019: €2.605 milliún).

## 6.6 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíocht ex-gratia dar luach €2,110 le húinéir tréada mar chúiteamh ar shrian tréada faoi dhíospóid.

### 6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €31.6 milliún i gcaiteachais chaipitil in 2020, faoi na fotheidil seo a leanas, a tugadh anonn go dtí 2021.

| | | €000 |
|---|---|---|
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | 2,200 |
| B.3 | Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta | 968 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt | 8,700 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 2,900 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn | 7,000 |
| D.3 | Iascaigh | 9,832 |
| | | **31,600** |

## Nóta 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con

Cuntas ar fháltais agus íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fotheideal C.7) | 84,000 | 84,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 67,200 | 67,200 |
| Rásaíocht Con Éireann | 16,800 | 16,800 |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha luaite leo

| Maoin | Achar i Heicteáir |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | 2.8 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, an Margadh Nua | 1.5 |
| Plotaí foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plotaí foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plotaí foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Plotaí foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Saighleán | 1.7 |
| An Ros Mór | 3.2 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Cúil Lú | 52.1 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| Plota foraoise, Baile na hInse | 60.7 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| An Gleann Liath | 4.0 |
| Baile Uí Dhoinnléibhe | 284.6 |
| Plota foraoise, Neidín | 0.2 |
| **Cill Dara** | |
| Coláiste Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |

| | |
|---|---|
| **Cill Chainnigh** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh | 0.9 |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Laois** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Luimneach** | |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach | 3.2 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach | 1.2 |
| Plota foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| **An Longfort** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Ros Beag | 79.0 |
| **Maigh Eo** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Doire | 34.8 |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile na hAbhann/Béal Coille | 4.6 |
| Cloonakillig | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 22.4 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 4.4 |
| Cléithín | 0.6 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| An Tóin Riabhach | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Cluain Riabhach | 25.7 |
| An Múr | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Plota foraoise, Loch Cé | 16.0 |
| **Sligeach** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach | 1.4 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin | 244.0 |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |

**Tiobraid Árann**

| | |
|---|---|
| Plota foraoise, an Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plotaí foraoise, Carraig na Siúire | 2.5 |
| Plotaí foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |

**An Iarmhí**

| | |
|---|---|
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain | 1.7 |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |

**Loch Garman**

| | |
|---|---|
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plotaí foraoise, Guaire | 11.1 |

**Cill Mhantáin**

| | |
|---|---|
| Plota foraoise, Shelton | 0.2 |
| Plota foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Plota foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plota foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plota foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag calafoirt iascaigh**

Lena chois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuanta iascaigh dílsithe san Aire. Déantar cuntas orthu ar leithligh i gcuntas Chiste na Lárionad Cuanta Iascaigh.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

| Ciste an Chomhlachta/na Roinne | An tréimhse chuntasaíochta deiridh | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/ an Roinn é | An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2019 | An 22 Nollaig 2020 | An 28 Eanáir 2021 | Níl curtha i láthair fós |
| Bord Bia | 2019 | An 30 Meitheamh 2020 | An 2 Iúil 2020 | An 1 Nollaig 2020 |
| Bord na gCon | 2019 | An 27 Lúnasa 2020 | An 2 MF 2020 | An 9 Samhain 2020 |
| Bord Iascaigh Mhara | 2019 | An 16 Samhain 2020 | An 16 Nollaig 2020 | An 18 Feabhra 2021 |
| Coillte Teoranta [a] | 2019 | An 30 Márta 2020 | An 31 Márta 2020 | An 13 Iúil 2020 |
| Ciste na Lárionad Cuanta Iascaigh | 2019 | An 7 Nollaig 2020 | An 27 Eanáir 2021 | An 5 Feabhra 2021 |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2019 | An 6 Iúil 2020 | An 23 MF 2020 | An 21 Nollaig 2020 |
| Bord Rialála Rásaíocht Capall Éireann | 2019 | An 30 Samhain 2020 | An 1 Nollaig 2020 | An 3 Feabhra 2021 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b] | 2019 | An 20 Aibreán 2020 | An 22 Aibreán 2020 | An 18 Bealtaine 2020 |
| Foras na Mara | 2019 | An 16 Nollaig 2020 | An 5 Feabhra 2021 | Níl curtha i láthair fós |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c] | 2019 | An 26 Márta 2020 | An 21 Iúil 2020 | An 18 Feabhra 2021 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2019 | An 20 Bealtaine 2020 | An 24 Meitheamh 2020 | An 11 Samhain 2020 |
| Teagasc | 2019 | An 29 Meitheamh 2020 | An 30 Meitheamh 2020 | An 30 Iúil 2020 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2019 | An 1 Aibreán 2020 | An 1 Aibreán 2020 | An 22 Bealtaine 2020 |

Nótaí

[a] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Coillte, ós comhlacht stáit tráchtála féinmhaoinithe é; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta, 1988, faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Foraoiseachta, 1945, faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d’Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.